

SGOLÓG NA FIASÓIGE LÉITHE (LIAITH)

Badh sheo baintreabhach agus ní sa tír seo a rugadh í. Sé an chaoi a dtáinig sí tar tír isteach. Fuair a fear bás agus sé ar fhan ina dhiaidh aon mhac amháin, bhí sé mar bheith sé suas bliain is fiche nó dhá bhliain is fiche nuair thárla an dithcéille seo dó. Bhíodh sé ag imtheacht le cladach ag caitheamh an lae dó féin mar bhíodar an-deiseamhail, ní raibh aon ghabhadh oibre dóibh. Ach an lá seo nuair bhreathnuigh sé amach ar an gcuan chonaic sé currach ag déanamh air, iomra céad uirthe agus gan innte ach aon duine amháin chuaidh an sgológ aiste amach faoi fhasóg liath. Ní raibh sé mór deas ná beag gránna agus é faoi fhasóg liath.

“Mbeannuighe Dia duit,” ar sé le mac na baintreabhaighe.

“Dia is muire duit” adeir mac na baintreabhaighe.

“Tá áit deas annsin agat” adeir sé.

“Níl locht ar bith air” adeir mac na baintreabhaighe.

“An n-imreochá cuiche cárdaí” adeir an sgológ.

Ní miste liom” adeir mac na baintreabhaighe.

Bhuaidh mac na baintreabhaighe an cluiche.

“Cuir do gheas anois” adeir an sgológ.

“Cuirim faoi gheasa thú” adeir sé, “beithighidh ar a bhfuil de thalamh báin agam bheith sa mbaile tráthnóna.”

“Beidh a shliocht ort,” adeir an sgológ.

“An mbeidh tú annseo arís amárach?” adeir an sgológ.

“Béad,” arsa seisean.

Nuair chuaidh mac na baintreabhaighe abhaile ní raibh blas le feiceáil dá chuid talmhan nach raibh faoi stoc. Pé bí breathnú thug sé thairis ní raibh ceann aca le feiceáil faoi ceann dá nóiméad.

“Ha hath há” adeir mac na baintreabhaighe, “buachaill báire thusa”.

D’imthigh leis ar maidin lá ar na mhárach, tar éis a bhricfeasta agus shuidh sé sa spota céadhna. Is gearr go bhfaca sé an currach ag teacht arís agus iomra céad uirthi agus gan inntí ach aon duine amháin.

“Fear dho d’fhocal thú” ar seisean le mac na baintreabhaighe.

“An n-imreóch muid cluiche eile indiu” ar seisean.

"Tá mé sásta" adeir mac na baintreabhaighe.

Bhuaidh mac na baintreabhaighe arís an dara lá.

"Cuir do gheas anois" adeir an sgológ.

Tá mé go do chur faoi mhór-geasa na bliana thú" adeir mac na baintreabhaighe. "An bhean is breaghtha faoi'n saoghal a bheith romham ag baile anocht."

"Beidh a sliocht ort" adeir a'Sgológ.

"A' mbeidh tú annseo amárach" adeir a Sgológ.

"Béad" adeir sé. D'imthigh leis, nuair a chuaidh sé abhaile bhí an bhean ba bhreaghtha a chonaic aon fhear ariamh ag dul amach inagha an doruis.

Nuair a bhreathnuigh sé ina dhiaidh bhi sí imthighe. "Sin dhá chleas bheachtuighthe anois" adeir sé.

Maidin lá ar na mhárach chuaidh sé san áit céadna. Is gearr a bhí sé ann nuair chonnaic sé an currach ag teacht agus iomra céad uirthi agus gan innti ach aon duine amhain. Nuair a tháinig sí chun tíre bheannuigh an Sgológ dó.

"Is tú an fear is dílse" ar an Sgológ, "a chas ariamh orm.

"A n-imreochamuid cluiche eile indiu" adeir sé.

Ní miste liom adeir mac na baintreabhaighe ach cén t-ughdar adeir mac na baintreabhaighe nar fhága tú an stoc ar an talamh agus nár fhága tú an bhean ag baile."

"Nach breagh" adeir a' Sgológ "nár chuir tú an t-agúis in do mhargadh na beithidhigh a chur ann agus fanacht ann, an bhean a chuir ag t'árus agus í ag fanacht ann.

"Ach beidh tú níos críonna an chéad uair eile bíodh fhios agat a mhic ó" adeir sé "go bhfuil ceannach mór ar chiall a't.

Gabhfamuid ag imirt ar chur ar bith" adeir sé.

Chuadar ag imirt agus ghnothuigh an Sgológ.

"Cuir do gheas anois" adeir mac na baintreabhaighe.

"Ní beag duit-se a thúisge" adeir a' Sgológ.

"Cuirimse faoi gheasa thú" adeir a' Sgológ.

"Trí bheannuighe Dia a thabhairt in mo theach ins an domhan thoir."

"Cá bhfios domsa cá bhfuil do theach" adeir mac na baintreabhaighe.

"Cuir do shrón romhat" adeir sé agus déanfaidh sí solas duit."

D'imthigh le haon duine acab ina bhealach féin.

Tháinig mac na baintreabhaighe isteach agus chuir sé bos faoi na leiceann agus thosuigh sé ag déanamh dobróin. Thug a mháthair chun cruinnis é.

"Féachaimid a mbainnidh tú iad a mhic" adeir sí, "gur mac faoi gheasa tú".

Thosuigh sé ag innseacht ar a gcaoi ar innis duithe faoi céard a tharla in imtheacht na dtrí lá.

"Tiocfaidh tú ón méad sin" adeir sí "ach gheobhfaidh tú trioblóid. Tá triúr dearbrathair anois liomsa adeir sí romhat ar an mbealach agus séard atá ionnta" adeir sí, "triúr fathach, tá deich míle fiche idir gach aon dá theach acab. Fuinfidh mise anois" adeir sí, "trí chaca min choirce dhuit. Cuirfidh mé lán bairr peann de mo chuid fola ins gach aon chaca acab. Ní bheidh siad féin istigh romhat agus ní bheidh aon fhonn ar a gcuid mná lóisdín a thabhairt duit mar tá fhios ag na mná" adeir sí "go bhfuil grain acab ar Éireannaigh."

"Nuair thiocfas tú go dtí an chéad duine" adeir sí, "buail a' cáca seo sa taobh clé air. Déan an rud céadna le gach aon duine acu beirt eile agus beidh fhios aca an uair sin cé tá ann, agus ní mac gan fáilte thú mara dtreoraighe siad má tá adeir sí ní mórán baramhail agam asat."

Thug sé leis a chapall, srian agus diallaid agus tháinig sé le cuim na hoidhche ag tigh an chéad dearbrathára. Bhí bean a' tighe a' réidhteach a cinn.

"An dtiubharthá loistín" adeir sé, "do stráinnséara go maidin."

"Thiubharfainn ach séard atá sa teach seo fáthach." "Feicfidh tú féin adeir sé go mbainfidh mise ceart de."

"Ó muipe go bhfoiridh Dia orm adeir sí."

"Mhillfeadh sé idir a dhá mhéir tú" adeir sí.

"Feicfidh tú féin" adeir sé nach millfidh. "Á" adeir sí, "a chomhairle fhéin do mhac dhannartha agus ní bhfuair ariamh níos measa. Cuir isteach do chapall" adeir sí "san stábla sin thuas. Tiubharfaidh mise anois" adeir sí "do bhéile duit agus sé an béile deireannach agat é" adeir sí.

Is garr go dtáinig an fathach. "Maise go cén áit" adeir sé, a bhfuair tú an féileacán fir?" "Tabhair cead dó a bhéile ithe" adeir sí.

Ar ionntú thairis don fhathach bhuail seisean leis an gcaca é ins a taoibh clé. "Maise na céadta míle fáilte" adeir sé, "roimhe mac mo dheirbhíre as Éirinn ach mo thruaigh mhor thú" adeir sé, "is léir dom do galra. Éireannach óg tú faoi gheasa, goicé chas ort" adeir sé.

"Ní fhéadfainn aon chuntas a thabhairt dhuit" adeir sé, "ach gur chuir sé faoi gheasa mé trí beannuighe Dia a thabhairt ina theach ins a' domhan thoir, dho sgológ gránna caite é."

"Anois adeir sé" ní cheart liom bheith gat choinneál i do dhúiseacht. Tá each anseo a'm-sa anois" adeir sé "agus tabhair leat í agus beidh tú san oidhche amárach i dtigh mo dhearbhrathára."

Peadar 'ac Fhualáin